

# Oibleagáid Chuntasachta

Leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), déantar cuntasacht a chomhtháthú ina prionsabal lena n-éilítear go gcuireann eagraíochtaí bearta oiriúnacha teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm agus go mbíonn siad in ann an méid a rinne siad agus an éifeachtacht a bhaineann leis an méid sin a léiriú nuair a iarrtar sin orthu. Ní mór d'eagraíochtaí seachas údaráis cosanta sonraí a léiriú go bhfuil siad ag comhlíonadh an dlí.

## Áirítear ar na bearta sin:

Cáipéisí leordhóthanacha ar na sonraí pearsanta a phróiseáiltear



Faisnéis ar an mbealach a bpróiseálfar sonraí, ar an bhfáth a bpróiseálfar sonraí agus ar an bhfad ama a choinneofar na sonraí a phróiseálfar

Próisis agus nósanna imeachta doiciméadaithe a dhírítear ar cheisteanna cosanta sonraí a láimhseáil ag céim luath nuair atá córais faisnéise á bhforbairt nó aghaidh á tabhairt ar shárú i ndáil le sonraí



Láithreach Oifigigh Cosanta Sonraí (más gá é) a bhfuil dlúthbhaint aige le planáil agus oibríochtaí na heagraíochta etc.

Fardal a dhéanamh de na sonraí pearsanta ar fad atá á gcoinneáil agat agus iad a scrúdú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ✓ Cén fáth a bhfuil siad á gcoinneáil agat?
- ✓ Cén chaoi a bhfuair tú iad?
- ✓ Cén fáth ar bailíodh iad sa chéad áit?
- ✓ Cé chomh fada is a choinneoidh tú iad?
- ✓ Cé chomh slán is atá siad, ó thaobh criptiúcháin agus inrochtaineachta araon?
- ✓ An roinneann tú le tríú páirtithe iad agus cén bunús ar a ndéanfá é sin?

Is é seo an **chéad chéim** i dtreo prionsabal cuntasachta an GDPR a chomhlíonadh, lena n-éilítear ar eagraíochtaí na bealaí trína bhfuil siad ag comhlíonadh prionsabal cosanta sonraí nuair atá gnó á dhéanamh acu a léiriú (agus, sa chuid is mó de chásanna, a dhoiciméadú). De bharr an fhardail, cuirfear ar chumas eagraíochtaí sonraí míchearta a cheartú nó nochtaí tríú páirtí a rianú amach anseo, ar rud é sin a d'fhéadfaí a éileamh orthu a dhéanamh.